# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag Fiosrú Focal

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **uilig**?
   (a) Go maith
   (b) Go léir
   (c) Go luath
2. Tá an frása **ar nós na gaoithe** i bparagraf 5. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?
3. Cé acu thíos atá contrártha le **contúirteach**?
   (a) Neirbhíseach
   (b) Cruálach
   (c) Sábháilte
4. Tá **siopa éadaí** luaite sa téacs seo. Ainmnigh 3 chineál siopa atá le feiceáil sa bhaile mhór.

## Tasc 2: Ag Fiosrú Feasa

1. Cad é ábhar an téacs seo go príomha?
2. Cad é a thaitin leat faoin téacs seo?
3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.
4. An ndearna an bainisteoir bainc an rud ceart, do bharúil?
5. Samhlaigh go bhfeiceann tú féin robáil ag tarlú. Cad é a dhéanfaidh tú?

CCEA Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

16 Robáil i Lár na Cathrach

Foilseachán de chuid CCEA © 2016

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana




## Robáil i Lár na Cathrach

## Robáil i Lár na Cathrach

# NUACHT AN LAE

Dé Sathairn 5 Márta



***Na mílte punt ar iarraidh ón bhanc***
***Bainisteoir an bhainc gortaithe***

Ar a trí a chlog tráthnóna Dé Luain, nuair a bhí Banc an Phobail réidh le druidim, tháinig gluaisrothar aníos Sráid Uí Cheallaigh i lár Chathair Dhoire. Stad an gluaisrothar dubh taobh amuigh den **tsiopa éadaí** atá os comhair an bhainc agus thuirling beirt den ghluaisrothar. Bhí fear ina shuí ina charr ar Shráid Uí Cheallaigh ag an am a **chonaic** cad é a tharla agus dúirt sé: ‘Shiúil an bheirt isteach sa tsiopa éadaí ar dtús agus d’fhan siad ann ar feadh cúpla bomaite. Ansin, mar a bheadh splanc ann, tháinig siad amach as an tsiopa arís agus rith siad trasna an bhóthair agus isteach sa bhanc leo. Cúpla bomaite ina dhiaidh sin, rith siad amach as an bhanc. Bhí a fhios agam go raibh robáil ar siúl ach ní thiocfadh liom rud ar bith a dhéanamh. Choinnigh mé mo chloigeann féin síos!’

Bhí cúigear ag obair sa bhanc ag an am, an bainisteoir agus ceathrar cléireach, agus bhí triúr custaiméirí ann. Rith an bheirt isteach agus clogaid ar a gcloigne. Bhí gunna ag duine amháin acu agus bhí mála dubh ag an fhear eile. Scread siad ar gach duine agus d’ordaigh siad dóibh luí síos ar an urlár. Léim duine amháin acu thar an chuntar.

Ní raibh eagla ar bith ar an bhainisteoir agus rinne sé iarracht an t-aláram a bhualadh. Ach chonaic duine de na robálaithe é agus bhuail sé an bainisteoir ar a chloigeann leis an ghunna agus thit sé ar an urlár. Ní raibh na cléirigh ná na custaiméirí chomh cróga sin, áfach. Bhí eagla a gcraicinn orthu nuair a chonaic siad sin. D’ordaigh an robálaí eile do dhuine de na cléirigh an t-airgead go léir a chur i mála. Nuair a bhí an t-airgead **uilig** acu, rith an bheirt amach as an bhanc chomh gasta agus a thiocfadh leo.

Ach nuair a rith na robálaithe trasna chuig an ghluaisrothar arís, chonaic siad carr póilíní ag teacht agus na soilse gorma ag splancadh. Scaoil duine acu piléar leis an charr. Léim na robálaithe ar an ghluaisrothar agus síos an tsráid leo **ar nós na gaoithe**. Lean na póilíní an gluaisrothar ach chaill siad iad ag na soilse tráchta. Fuair na póilíní an gluaisrothar ina luí dóite cúpla uair an chloig ina dhiaidh sin, ach ní raibh na robálaithe le feiceáil áit ar bith. Deir na póilíní go bhfuil siad iontach **contúirteach** agus má tá aon eolas ag duine ar bith fúthu gur chóir dóibh scairt a chur ar stáisiún na bpóilíní.

## Ceisteanna

1. **Cén t-am den lá ar tharla an robáil?**
(a) Go luath ar maidin
(b) Go mall san oíche
(c) I ndiaidh am lóin

2. **Cé acu abairt thíos atá fíor?**
(a) Chuaigh na robálaithe isteach sa bhanc ar dtús
(b) Chaith siad tamall i siopa ar dtús
(c) D’fhan siad amuigh ar an tsráid tamall ar dtús

3. **Cá fhad a chaith na robálaithe sa bhanc?**
(a) 10 mbomaite ar a laghad
(b) Tamall fada
(c) Níos lú ná 5 bhomaite

4. **Cad é mar a mhothaigh na daoine sa bhanc, do bharúil?**
(a) Santach
(b) Sásta
(c) Scanraithe

5. **Cad é mar a bhí a fhios ag na robálaithe go raibh na póilíní ar an bhealach?**
(a) Chonaic siad na soilse gorma ag splancadh
(b) Chuala siad an t-aláram
(c) D’inis an bainisteoir dóibh é

6. **Cad é mar atá a fhios againn gur éalaigh na robálaithe?**
(a) Fuair na póilíní na robálaithe go léir
(b) Chonaic daoine iad i mBaile Átha Cliath
(c) Tá na póilíní ar lorg na robálaithe go fóill

7. **I bparagraf 1 tá an briathar chonaic:**
(a) san aimsir chaite.
(b) san aimsir fháistineach.
(c) san aimsir láithreach.

8. **Cén sórt téacs é seo?**
(a) Nuacht
(b) Dráma
(c) Dialann